

--	--	--

TEANGA AGUS CULTÚR

Ainm an Iarrthóra:	SEAMUS Ó MEACHAIR
Ainm na Scoile:	Scoil Náisiúnta Réalta na Mara
Seoladh na Scoile:	Dumhach Thrá
	Baile Átha Cliath 4
Rang(anna):	6

Uimhir P.P.S.:

4	2	2	8	8	7	6	D
----------	----------	----------	----------	----------	----------	----------	----------

Uimhir Mhúinteora:

2	8	5	0	4	4	6	2
----------	----------	----------	----------	----------	----------	----------	----------

Deimhniú:

Deimhním gur mise agus na páistí i mo rang, amháin, a rinne an obair sa tionscadal seo.

Síniú an Iarrthóra:	<i>Séamus Ó Meachair</i>
Dáta:	<i>14 Eanáir, 2011</i>

Don Fheitheoir Amháin:

Gné den Tionscadal	Córas Marcála	Marcanna a Bronnadh	
Cur i láthair	2		
Bileoga Eolais an Mhúinteora	5		
Póstaeir	5		
Rianleabhar an Pháiste	5		
Léarscáil den Rian	3		
Iomlán	20		

Síniú an Fheitheora: _____ **Faighte (dáta):** _____

BROLLACH

(i) CÚSPÓIRÍ

Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste:

- (a) níos mó eolais a chur ar cheantar na scoile trí phlé a dhéanamh air agus trína fhiosrú, laistigh agus lasmuigh den seomra ranga, trí mheán na Gaeilge
- (b) eolas a chur ar an bhféile an *Waxies Dargle* agus ar roinnt den bhéaloideas a bhaineann léi
- (c) eolas a fháil ar fhoirgnimh i gceantar na scoile agus go háirithe ar an nGallán Gréine, conas an t-am a léamh ar an gClog Gréine agus a thuiscint céard a tharlaíonn ag Grianstad an Gheimhridh
- (d) éin mhara áirithe a aithint, a ainmniú agus cur síos a dhéanamh orthu
- (e) tuiscint a fháil ar an ról tábhachtach a bhí agus atá fós ag an bhfarraige i saol agus i gcaitheamh aimsire na phobail áitiúil
- (f) bríonna logainmneacha agus ainmneacha sráide i gceantar na scoile a fhiosrú agus an bunús Gaeilge atá leo a thuiscint.

(ii) FOINSÍ

Foinsí Áitiúla

Wren, Jimmy, The Villages of Dublin, Tomar Publishing, Dublin, 1987.

Caprani, Vincent, A View from the Dart, MO Books, Dublin, 1986.

The Roads to Sandymount, Irishtown, Ringsend, Editor: Patrick Farrell, Sandymount Community Services, 1996.

A Social and Natural History of Sandymount, Irishtown and Ringsend.

Editor: Patrick Farrell, Sandymount Community Services, 1996.

Finlay, Ken & Roche, Tom, Dublin 4, Cottage Publications, Donaghadee, Northern Ireland, 2006.

O'Kelly, Seamus G., The Glorious Seven, Irish News Service and Publicity, 1965.

Lambert, Mike & Pearson, Alan, Eolaí Póca: Éin, Aistrithe go Gaeilge ag Máirtín Ó Cléirigh, An Gúm, 1996.

Flynn, Arthur, Ringsend and her Sister Villages, Anna Livia Press, Dublin, 1990.

Sandymount Community Services, History of Sandymount, Irishtown and Ringsend, 1989.

Foinsí Eile

Madden, Paddy agus Rollins, M, www.rianta.ie, Ionad Oideachais na Carraige Duibhe, 2005.

A. BILEOGA EOLAIS AN MHÚINTEORA

1. Foirgnimh Stairiúla i gCeantar na Scoile

An Gallán Gréine

gallán=cloch ina seasamh

gallán gréine=cloch ina seasamh a úsáideann an ghrian

Áit: Páirc Sheáin Uí Mhórdha

Cén fáth a bhfuil an Gallán Gréine ann?

In ómós do James Joyce.

Ulysses: Leabhar a scríobh James Joyce

Leopold Bloom: Carachtar in Ulysses

Bhí Leopold Bloom ag siúl ar an trá i nDumhach Thrá.

"Bloomsday" (Lá na mBláthanna): 16 Meitheamh

Cén bhliain inar nochtadh an Gallán Gréine? 1983

Cé a nocht an Gallán Gréine?

An tArdmhéara Michael Keating T.D.

Seán Ó Mórdha: Teachta Dála (T.D.) a bhí ann.

An Clog Gréine

clog=tugann sé an t-am

clog gréine=clog a úsáideann an ghrian

Áit: Páirc Sheáin Uí Mhórdha

21 Mí na Nollag=Grianstad an Gheimhridh

Ag éirí na gréine ar 21 Mí na Nollag gach

bliain, bíonn an Clog Gréine, an Gallán Gréine,

an séipéal ar an gCarraig Dhubh agus an ghrian

i líne.



2. Logainmneacha i gCeantar na Scoile Comharthaí Sráide i nDumhach Thrá

Log = Áit

Tugann logainmneacha leideanna beaga faoi stair na háite.
Bris an logainm síos ina míreanna.

Dumhach Thrá = cnoc gainimh

Tá an trá an-mhór ar fad.
Tá a lán gainimh ann.



Ascaill na Lúb

ascaill = bóthar caol

Ascaill na Lúb: Níl an bóthar díreach. Tá a lán lúb ann.

Ascaill na Lúb = Serpentine Avenue

Tá Ascaill na Lúb cosúil le nathair nimhe.



Ascaill an Mhuirdhúin

Ascaill = bóthar caol

Tá an ascaill in aice leis an muirdhún.

muir=farraige

dún=teach láidir

muirdhún=teach láidir in aice leis an bhfarraige

Túr Martello is ea an muirdhún.

Thóg na Sasanaigh na Túir Martello.

Bhí Napoleon agus na Francaigh ag teacht.

Bhí eagla ar na Sasanaigh.

Tá na ballaí déanta as cloche móra.

Bóthar na Trá

Téann sé go dtí an trá.

Tá sé in aice leis an trá.

Tá balla idir an bóthar agus an trá.

Tá bearnaí sa bhalla

Nuair a bhíonn an taoide istigh agus nuair a bhíonn stoirm anoir ag séideadh, bíonn an fharraige ar an mbóthar.

Tá málaí gainimh sna bearnaí anois.



3. Saol an Phobail thart ar an Scoil An Fharraigne

Tá Dumhach Thrá cois farraigne.



Tá an trá an-mhór.

Bíonn daoine ag siúl, ag imirt peile agus ag lorg péisteanna.

Bíonn eitleoga ag páistí lá gaofar.

Bíonn madraí ag rith, ag léim agus ag tafann.



Téann daoine ag snámh san fharraige.

Tá linn snámha san fharraige! Nuair a bhíonn an taoide istigh bíonn sí lán. Nuair a bhíonn an taoide amuigh bíonn sí folamh.



Tagann longa trasna na farraigne. Fadó bhí an Fear líne agus dugaire ar an dug. Tá an Fear Líne agus an dugaire imithe anois. Anois tá an crann ann!

Tagann an bád farantóireachta gach maidin agus imíonn sé gach tráthnóna. Tá an bád farantóireachta an-mhór.



Bíonn báid seoil ar an bhfarraigne. Is maith le daoine dul ag seoladh sa samhradh.

Siúlann daoine "Slí na Sláinte".
Tá "Slí na Sláinte" cois farraigne.



Seanfhocal: Is fearr an tsláinte ná na táinte.

4. Mórfhéilte agus Féilte Áitiúla An Waxies' Dargle

♪ The Waxies' Dargle ♪
Says my aul' one to your aul' one
Will yeh come to the Waxies' Dargle
Says your aul' one to my aul'one
Sure I haven't got a farthin'.
I've just been down to Monto town
To see young Kill Mc Ardle
But he wouldn't lend me half a crown
To go to the Waxies' Dargle.



Gréasaí = fear a dhéanann bróga

Waxy= leasainm Béarla ar ghréasaí ón bhfocal Béarla "wax".

Cén fáth "Waxy"?

Nuair a bhí an gréasaí ag obair le leathar agus ag fuáil le snáth, chuir sé céir nó "wax" ar an snáth.

An Dargle = abhainn i gCill Mhantáin in aice le Bré.

Ar an Domhnach nó ar lá saoire bainc chuaigh na búistéirí agus na táilliúirí go dtí an Dargle le haghaidh siamsa.

Ní raibh an t-airgead ag na gréasaithe agus a gclanna chun dul go dtí an Dargle. Chuaigh siad go dtí an Baile Gaelach in aice le Dumhach Thrá agus bhí a siamsa féin acu i.e. an Waxies' Dargle.

Céard a tharla ag an Waxies' Dargle?

- na daoine móra
- na páistí ag snámh agus ag lapadaíl
- picnic
- úlla, oráistí, milseáin, agus deochanna
- spórt agus spraoi



5. Ainmhithe agus Plandaí i gCeantar na Scoile Éin ar an Trá agus i bPáirc Sheáin Uí Mhórdha, Dumhach Thrá



An Faoileán Bán

Tréithe

Is éan farraige é an Faoileán Bán. Tá ceann bán agus corp bán aige. Tá na sciatháin liath agus dubh. Tá gob buí aige. Tá na cosa buí freisin. Tá cosa scamallacha aige. Bíonn sé le feiceáil ar an trá, ar an bhfarraige agus san aer. Bíonn sé ag siúl, ag rith, ag snámh, ag eitilt agus ag screadaíl. Is breá leis iasc. Bíonn sé ar bís nuair a fhaigheann sé boladh éisc. Bíonn sé sa chlós freisin tar éis am lóin. Bíonn sé sa lora aráin.



An Roilleach

Tréithe

Is éan farraige é an Roilleach. Tá gob fada díreach aige. Tá dath oráiste-dearg ar an ngob. Tá an ceann, an scornach, an droim agus na sciatháin dubh. Tá an bolg bán. Tá na súile dearg. Tá na cosa fada agus bándearg. Tá cosa scamallacha aige. Bíonn sé ag siúl ar an trá, ag lapadaíl san uisce, ag snámh agus eitilt. Is éan cúthail é.



An Crotach

Tréithe

Is éan farraige é an Crotach. Tá dath donn ar an éan seo ach tá bolg bán aige. Tá gob fada cam aige agus cosa fada liathghlasa. Tá cosa scamallacha aige. Bíonn sé le feiceáil ar an trá, ar an bhfarraige agus san aer. Bíonn sé ag siúl, ag rith, ag snámh agus ag eitilt. Tá glaoch álainn aige.



An Ghé Dhubh

Tréithe

Is éan mór í an Ghé Dhubh. Tá an ceann agus muineál dubh. Tá an bolg liath agus bán. Tá an droim donn. Tá na sciatháin dubh agus liath. Bíonn sí ag eitilt i 'V' le géanna dubha eile. Tagann an Ghé Dhubh ón nGraonlainn Mí Eanáir agus imíonn sí ar ais i Mí Aibreáin. Bíonn sí le feiceáil ag siúl freisin agus ag ithe féir. Tá cosa scamallacha aici mar bíonn sí ag snámh freisin.



B. GRIANGHRAIF DÉN CHÚIG PHÓSTAER



AN FHARRAIGE



Slí na Sláinte



“An Fear Líne”
....mar a bhí



an crann
....mar atá



linn snámha!!



báid



an bád farantóireachta

AN WAXIES' DARGLE



EIN

 <p>An Faoileán Bán</p>	 <p>An Crotach</p>
 <p>An Ghé Dhubh</p>	 <p>An Roilleach</p>

C. RIANLEABHAR AN PHÁISTE

Dumhach Thrá

MO RIANLEABHAR

Ainm: _____

Rang: _____

Lean na Treoracha

1. An Waxies' Dargle:

Siúil go dtí **na soilse tráchta**.

Nuair a fheiceann tú an Fear Glas, trasnaigh an bóthar.

Cas ar chlé.

Siúil go dtí na soilse tráchta eile.

Nuair a fheiceann tú an Fear Glas, trasnaigh an bóthar.

Ar aghaidh go dtí an Waxies' Dargle!

2. An Clog Gréine:

Siúil go dtí **na soilse tráchta**.

Nuair a fheiceann tú an Fear Glas, trasnaigh an bóthar.

Lean an cosán go dtí an Clog Gréine agus ansin go dtí an Gallán Gréine.

3. An Trá

Siúil ar aghaidh go dtí **an Trá**.

4. An Fharraige

Siúil síos go dtí **an Fharraige**.

5. An Muirdhún

Siúil trasna na trá go dtí **an Muirdhún**.

6. Abhaile

Siúil go dtí **na soilse tráchta**.

Nuair a fheiceann tú an Fear Glas, trasnaigh an bóthar.

Siúil abhaile go dtí an scoil. Fan ar an gcosán.

Tabhair Aire!

Siúil! Ná bí ag rith!

Fan sa líne!

Na himigh as radharc an mhúinteora!

Lean an fheadóg

Fearas

-An Rianleabhar

-Peann luaidhe

Fad: Dhá uair an chloig

An Waxies' Dargle

1. Meaitseáil gach pictiúr leis an bhfocal ceart.

- | | | |
|-----|---|-------------|
| (a) |  | oráistí |
| (b) |  | milseáin |
| (c) |  | airgead |
| (d) |  | abhainn |
| (e) |  | bróg |
| (f) |  | deochanna |
| (g) |  | picnic |
| (h) |  | snáth |
| (i) |  | ag lapadaíl |
| (j) |  | úlla |

Stad
2

An Clog Gréine

- | | |
|--------------------------|------------------------|
| 8 = a hocht a chlog | 1 = a haon a chlog |
| 9 = a naoi a chlog | 2 = a dó a chlog |
| 10 = a deich a chlog | 3 = a trí a chlog |
| 11 = a haon déag a chlog | 4 = a ceathair a chlog |
| 12 = meán lae | |

Cén t-am é ar an gClog Gréine?
Tá sé a naoi a chlog.

1. Cén t-am é ar an gclog Gréine?

(a)



Tá sé _____

(c)



Tá sé _____

(b)



Tá sé _____

(d)



Tá sé _____


2. Cén t-am é ar an gClog Gréine i bPáirc Sheáin Uí Mhórdha anois? Tarraing clog gréine, cuir an t-am air agus scríobh síos an t-am.

Stad
3

An Trá

1. Dathaigh an pictiúir den Ghé Dhubh.

- (a) Dathaigh an ceann agus an muineál dubh.
- (b) Dathaigh an gob oráiste.
- (a) Dathaigh an bolg liath agus bán.
- (d) Dathaigh na sciatháin dubh agus liath.
- (e) Dathaigh an droim donn.
- (f) Dathaigh na cosa dubh





An Fharrraige

Cuir "✓" nó "X" i ngach bosca.

1. Céard a fheiceann tú?

- an taoide istigh
- an taoide amuigh
- an linn snámha lán le huisce
- an linn snámha folamh
- báid ar an bhfarrraige
- an bád farantóireachta
- páiste ar an trá le heitleog
- daoine ag imirt peile ar an trá
- madra san uisce
- daoine ag siúl ar Shlí na Sláinte

2. Céard a chloiseann tú?

- an trácht
- an fharrraige
- an ghaoth
- éin ag screadaíl
- páistí ag béiceadh
- madra ag tafann

An Muirdhún

A. Scríobh "fíor" no "Bréagach".

1. Tá an Muirdhún ar an trá. _____
2. Tá an Muirdhún in aice leis an trá. _____
3. Tá Slí na Sláinte ag dul go dtí an Muirdhún. _____
4. Tá doras ar an Muirdhún. _____
5. Tá fuinneog ar an Muirdhún. _____

B. Cuir ciorcal timpeall ar an bhfreagra ceart.

1. Céard é an muirdhún?

- (a) teach solais (b) linn snámha (c) Túr Martello
- (d) caisleán gainimh

2. Céard as a bhfuil an muirdhún déanta?

- (a) gaineamh (b) clocha (c) uisce (d) gloine

3. Cé a thóg an muirdhún?

- (a) na Francaigh (b) na Meiriceánaigh (c) na Sasanaigh
- (d) na hÉireannaigh

4. Cé a bhí ag teacht?

- (a) Napoleon (b) Leopold Bloom (c) Pádraic Mac Piarais
- (d) James Joyce

5. Tarraing pictiúr den Mhuirdhún.

An Muirdhún

D. GRIANGHRAF DEN LÉARSCÁIL DEN RIAN

